Parlaimint na hEorpa,
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

8.9.2025

An tUas. Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
An Bhruiséil

Ábhar: Tuairim ar Shlógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin – EGF/2025/002 DE/Goodyear 2 (2025/0245(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 2 Meán Fómhair 2025, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 8 Meán Fómhair 2025. Ag an gcruinniú sin, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Buiséid, mar an coiste freagrach.

Mise le meas,

Li Andersson

TUAIRIM

A. de bhrí, an 10 Márta 2025, gur chuir an Ghearmáin iarratas isteach chun an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691 (Rialachán CED), tar éis iomarcaíochtaí in Goodyear (Goodyear Germany GmbH) sa Ghearmáin; de bhrí gur oibrigh an fiontar san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2, Rannán 22 (Monarú táirgí rubair agus plaisteacha); de bhrí go bhfuil na hiomarcaíochtaí lonnaithe i réigiúin NUTS 2 Kassel (DE73) agus Darmstadt (DE71), agus go mbaineann siad le hiomarcaíochtaí poist i láithreáin táirgthe Goodyear in Fulda agus Hanau.

B. de bhrí gur chuir an Ghearmáin an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear go scoirfí an ghníomhaíocht i gcás 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí (sa chás seo ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 1 Eanáir 2025) i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh chun bealaigh i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht; de bhrí, tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán CED, go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 1 171 oibrí iomarcach a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht;

D. de bhrí, an 26 Lúnasa 2025, gur thíolaic an Coimisiún don Pharlaimint agus don Chomhairle togra le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh i bhfabhar na Gearmáine chun tacú le 915 thairbhí spriocdhírithe a ath-imeascadh sa mhargadh saothair

E. de bhrí gurb iad na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí sin dúnadh ceann de láithreáin táirgthe Goodyear sa Ghearmáin agus dúnadh páirteach láithreáin eile, mar gheall ar an domhandú; de bhrí go bhfuil Goodyear Tire & Rubber Company ar cheann de na monaróirí bonn is mó ar domhan a bhfuil a cheanncheathrú Gearmánach lonnaithe in Hanau; de bhrí ag deireadh 2017, gurbh éigean do Goodyear a láithreán táirgthe a dhúnadh in Philippsburg, a bhí faoi réir iarratas CED/2017/008 DE/Goodyear. de bhrí, mar chuid de phróiseas athstruchtúraithe breise, go leanann an t-iarratas reatha dúnadh an láithreáin táirgthe in Fulda, agus dúnadh páirteach saoráidí táirgthe in Hanau. de bhrí go bhfuil monarchana eile ag an gcuideachta sa Ghearmáin, atá lonnaithe in Fürstenwalde, in Wittlich agus in Riesa. de bhrí go raibh ró-acmhainneacht struchtúrach, go háirithe sa Ghearmáin, mar thoradh ar an laghdú tapa ar an éileamh in earnáil na mbonn, mar aon le brú láidir ó allmhairí saora ón Áise agus méaduithe leanúnacha ar chostais (fuinneamh, pá); de bhrí, dá bhrí sin, i mí an Mheithimh 2024, chinn Goodyear deireadh a chur leis an táirgeadh ag suíomh Fulda, rud ba chúis lena dhúnadh, agus an fhoireann ag láithreáin eile a laghdú, go háirithe in Hanau.

F. de bhrí gur chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go mbeadh sé ina dhúshlán ollmhór d'fhormhór oibrithe Goodyear fostaíocht nua a aimsiú agus go mbeidh gá le gníomhaíocht shuntasach ina leith, de bhrí, i mórán cásanna, go bhfuil a gcáilíochtaí as

dáta, agus go bhfuil gnáthphróifílí scileanna oibre rubair na n-oibrithe sin ag teacht salach go mór ar na riachtanais fostaíochta sna réigiúin lena mbaineann;

H. de bhrí gur chuir an Ghearmáin in iúl gur tugadh comhaontú oibre idir an fostóir agus an chomhairle oibreacha i gcrích an 24 Meitheamh 2024 chun cuideachta aistrithe a chur ar bun; de bhrí, de réir údaráis na Gearmáine, nach bhfuil aon oibleagáid ar an bhfiontar atá ag dífhostú cuideachta aistrithe a chruthú ná ranníocaíocht a dhéanamh i leith cuideachta aistrithe a chruthú. de bhrí, gan rannpháirtíocht an fhiontair atá ag dífhostú, nach gcuirfí aon chuideachta aistrithe ar bun; de bhrí, áfach, má thairgeann an fiontar atá ag dífhostú a bheith rannpháirteach, agus go n-aontaíonn na comhpháirtithe sóisialta le cuideachta aistrithe a chruthú, gur le dlí sóisialta na Gearmáine a leagtar síos an creat dlíthiúil de bhrí go ndéantar na cuideachtaí aistrithe sin a iontráil i roinnt babhtaí, bunaithe ar na comhaontuithe tríthaobhacha a síníodh idir Goodyear Germany GmbH, na fostaithe, agus PMB International GmbH, an soláthraí seirbhíse a roghnaíodh chun an chuideachta aistrithe a bhainistiú.

I. de bhrí nach rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024;

dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais an mhargaidh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a lánpháirtiú go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú agus tacú leo in aistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus shochaí na hEorpa, arb aistrithe iad a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, i rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Ghearmáin i dteideal EUR 3 085 166 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 4 141 944, a chuimsíonn EUR 4 936 274 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 205 670 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil i bhfad níos lú deiseanna ag oibrithe ar bheagán oiliúna agus níos sine dul isteach arís i margadh an tsaothair sa réigiún agus gurb iad na grúpaí leochaileacha sin is déine a bhuail na hiomarcaíochtaí in Goodyear; ag meabhrú phróifíl na n-oibrithe iomarcacha, agus duine as gach triúr oibrithe dífhostaithe os cionn 50

bliain d’aois agus go bhfuil oideachas meánscoile nó níos lú ag níos mó ná leath díobh, agus scileanna atá as dáta, agus á mheas, mar aon leis an treocht anuas i bhfolúntais agus a dháileadh geografach, go mbeidh tacaíocht shaincheaptha bhreise de dhíth ar na hoibrithe, go háirithe cúnamh spriocdhírithe lena ndírítear ar uas-sciliú agus ar athoiliúint, chun cabhrú leo an t-aistriú chuig an bhfostaíocht a bhaint amach;

4. ag tabhairt dá haire, amhail ón 20 Feabhra 2025, gur tugadh 915 chonradh thríthaobhacha san iomlán i gcrích idir Goodyear, na fostaithe, agus PMB International GmbH, an soláthraí seirbhíse a roghnaíodh chun an chuideachta aistrithe a bhainistiú, agus 781 iontráil sceidealaithe do Fulda agus 134 iontráil beartaithe do Hanau; á chur in iúl gur geal léi an léiriú go bhfuiltear ag dréim leis go dtiocfaidh méadú ar na huimhreacha sin de réir mar a shíneofar níos mó comhaontuithe;

3. ag tabhairt dá haire gur thug an Ghearmáin na dearbhuithe uile is gá go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe maidir le rochtain ar na bearta atá beartaithe agus maidir lena gcur chun feidhme, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna, gur chomhlíon Goodyear Germany GmbH, a lean dá ghníomhaíochtaí tar éis na n-iomarcaíochtaí, a oibleagáidí dlíthiúla agus go ndearna sé foráil dá oibrithe dá réir sin, go gcoiscfear aon mhaoiniú dúbailte, agus go gcomhlíonfaidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED rialacha nós imeachta agus ábhartha an Aontais maidir le Státchabhair;

5. á chur i bhfáth, maidir leis na bearta a gheobhaidh tacaíocht ó CED, gur dheimhnigh an Ghearmáin nach bhfaighidh siad aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí eile airgeadais de chuid an Aontais;

6. ag tabhairt dá haire gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar do na hoibrithe ná na bearta seo a leanas: (a) bearta uas-scilithe, (b) bearta treoirchomhairleoireachta agus treoshuímh/gníomhachtúcháin gairme, (c) seirbhísí comhairleacha nuathionscanta gnó, (d) deontais nuathionscanta gnó, (e) cúnamh cuardaigh poist, (f) dreasachtaí uas-scilithe, (g) dreasachtaí breise (i.e. bónas chun dul i mbun fostaíochta le linn thréimhse na cuideachta aistrithe, etc.), (h) liúntas oiliúna; á chur in iúl gur geal léi go dtairgfear oiliúint i mbunscileanna digiteacha (Digitale Grundqualifizierung) bunaithe ar réamheolas aonair; á chur i bhfáth, i bhfianaise aois agus phróifíl oideachais na dtairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, gur cheart riachtanais shonracha na ngrúpaí sin a chur i gcuntas agus seirbhísí pearsantaithe á soláthar;

7. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7.2 de Rialachán CED, a cheanglaíonn go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus fócas áirithe ann ar leathadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear in oiliúint TFC agus tacaíocht bhreise an phacáiste a thuartar laistigh de na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh na scileanna sin go háirithe measúnú ar scileanna digiteacha agus forálacha d’oibrithe chun ríomhaire glúine a fháil ar iasacht, oiliúint a fháil ar conas é a úsáid agus freagraí a fháil ar a gceisteanna digiteacha;

8. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, inter alia, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 b de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.